## COTHABHÁIL TITHÍOCHTA

## FREAGRACHTAÍ NA COMHAIRLE AGUS AN TIONÓNTA

| Tá leagan Béarla ar fáil chomh maith. |
|---|

Tá an Chomhairle freagrach as obair dheisiúcháin den chineál atá struchtúrach, e.g. díonta, simléir, na ballaí seachtracha, na doirse seachtracha, fuinneoga (seachas an gloine). Nuair a shíníonn gach tionónta a c(h)omhaontú tionóntachta, glacann sí/sé freagracht as obair dheisiúcháin nach bhfuil den chineál atá struchtúrach. Tabharfaidh an Chomhairle faoi dheisiúcháin faoi réir an bhreithnithe a leanas agus faoi réir maoiniú leordhóthanach agus acmhainní foirne leordhóthanacha a bheith ar fáil:

1. **RIARÁISTÍ CÍOSA**
   D'fhéadfadh sé cur isteach ar incháilitheacht tionóntaí d'obair chothabhála sa chás go ligeann siad don riaráiste cíosa atá ar a gcuntas méadú, agus ní bheidh siad incháilithe ansin ach d'obair dheisiúcháin éigeantach / phráinneach amháin.

2. **DAMÁISTÍ MAILÍSEACHA**
   Is iad na tionóntaí atá freagrach as obair dheisiúcháin maidir le haon damáiste a dhéanann duine ar bith d'aon ghnó nó damáiste mailíseach a dhéanann duine ar bith agus sa chás go dtugann an Chomhairle faoi obair dheisiúcháin de bharr damáiste den tsórt sin gearrfar costais na n-deisiúchán sin ar an tionónta. Ní mór don tionónta / do na tionóntaí damáiste mailíseach a thuairisciú don Gharda Síochána gan mhoill.

3. **ATHRUITHE AR AN TEAGHAIS nó SUÍOMH**
   Ní mór don tionónta / do na tionóntaí cead i scríbhinn a bheith faighte acu ón Aonad Tithíochta sula dtugtar faoi obair struchtúrach ar mhaoin de chuid na Comhairle e.g. ballaí a leagan, gairdíní a bhaint, mias satailíte a chur in airde, etc. mar go caithfidh obair mar sin a bheith de réir na rialachán tógála agus na riachtanas pleanála. I gcás obair leictreachais, pluiméireachta, soirn ina ndóitear breosla soladach, córais teasa lárnaigh a shuiteáil nó sainobair eile, ní mór gur **Conraitheoir Cáilithe** amháin a dhéanann an obair.
   Má thugann an Chomhairle cead i scríbhinn tabhairt faoi obair den chineál sin, ní mór don tionónta / do na tionóntaí deimhniú i scríbhinn ón gConraitheoir Cáilithe a dheimhníonn gur tugadh faoin obair de réir na Rialachán Tógála reatha a chur ar fáil chomh luath agus atá an obair tugtha i gcrích. Má tá ar an gComhairle tabhairt faoi dheisiúcháin nó má chaitheann sí deimhniú neamhspleách a lorg de bharr obair fhabhtach / gan deimhniú gearrfar costas a bhaineann leis an deimhniú / na deisiúcháin sin ar an tionónta / na tionóntaí.

4. **FAILLÍ A DHÉANAMH AR MHAOIN**
   Más de bharr faillí nó más de bharr nár éiríodh an teaghais a chothabháil a tharla an damáiste agus go socraítear oibreacha nó go dtugann an Chomhairle faoi oibreacha ar mhaithe le sábháilteacht / cosaint na maoine, gearrfar costais na ndeisiúchán sin ar an tionónta.

**FADHB COTHABHÁLA A THUAIRISCIÚ**

- Féach ar an leabhrán seo ar dtús chun a sheiceáil ar ortsa atá freagracht ina leith.
- Ní mór aon damáiste a dhéantar ar mhaoin na Comhairle, an struchtúr san áireamh, a dheisiú laistigh de 24 uair ar a mhéad ó tharla an damáiste. Sa chás go bhfuil sábháilteacht an tionónta i gceist ní mór é a thuairisciú ar an bpointe.

- Más é an tAonad Cothabhála atá freagrach as d'iarratas ar dheisiúchán, is féidir leat sin a thuairisciú chuig an Rannóg Cothabhála tríd an iarratas ar dheisiúchán a logáil ag Requests for maintenance or permission requests should be made online through https://www.galway.ie/RepairRequest

  Mar mhalairt air sin, is féidir iarratas ar chothabháil tithíochta a logáil trí ghlaoch ar an uimhir 091 509306. Mura bhfaightear aon fhreagra ón uimhir ghutháin thuas fág teachtaireacht le do thoil agus bíodh d'ainm, do sheoladh, d'uimhir ghutháin sa teachtaireacht sin mar aon le cur síos gearr ar an ábhar ar mhaith leat a thuairisciú.
  NÍOR CHEART Iarratais ar Chothabháil a thuairisciú díreach chuig an Saoiste Cothabhála ná iad a chur ar ríomhphost chuig cuntais ríomhphoist ar leith foirne.
- Beidh an tAonad Cothabhála ag iarraidh sonraí maidir leis an bhfadhb chun go mbeifear ábalta í a thaifeadadh agus í a chur ar aghaidh chuig an Innealtóir Tithíochta agus an phráinn atá léi a chur in iúl, e.g má tá duine / maoin i mbaol nó más obair dheisiúcháin ghinearálta atá i gceist. Más ortsa atá freagracht as an bhfadhb, nó mura féidir í a fhiosrú de bharr easpa maoinithe, cuirfear scéal chugat ag an bpointe seo.
- Déanfaidh an tInnealtóir Tithíochta an cheist cothabhála a chur sa sceideal de réir na práinne a thuairiscítear léi. Má meastar gur d'aon ghnó a rinne an tionónta an damáiste chun glaoch amach a chinntiú, nó go ndearnadh áibhéil maidir leis an gcás ar bhonn mailíseach, gearrfar an costas a bhaineann leis an nglaoch amach ar an tionónta.

**FREAGRACHTAÍ AN TIONÓNTA**

**GINEARÁLTA:**

- **Teorann na maoine:** obair dheisiúcháin agus cothabhála ar fhálta, ar gheataí, ar chabhsáin, ar bhealaí isteach agus ar theorainneacha, nuair atá siad curtha ar fáil. Ní mór dóirtí ola ar chabhsáin a ghlanadh láithreach.
- Simléar: glan an simléar ar a laghad uair amháin in aghaidh na bliana.
- Doirse: deisigh doirse seachtracha agus inmheánacha, lámha, glais agus insí na ndoirse sin agus déan iad a chothabháil.
- Gairdín / Fálta: bíodh na gairdíní agus na fálta coinnithe néata (d'fhéadfadh an Chomhairle tabhairt faoi chigireacht ar an teach agus ar mhórthimpeall an tí ag tráth ar bith chun críche monatóireachta)/
- Árachas: moltar duit árachas inneachair a fháil.
- Aonaid Cistine / Cófraí: déan cófraí / aonaid cistine a chothabháil agus croch doirse nua, cuir isteach tarraiceáin nua, insí, glais agus lámha nua, más gá.

- Dramhaíl: dramhaíl tí a bheith bailithe go rialta (d'fhéadfadh an Chomhairle admhálacha nó litir ó Bhailitheoirí Diúscartha Dramhaíola a iarraidh ag tráth ar bith).
- Creimirí / lotnaidí: déan cinnte nach dtarlaíonn inmhíolú de bharr do chuid gníomhaíochtaí, agus bain leas as seirbhísí Rentokil láithreach má tharlaíonn inmhíolú (má bhíonn ar an gComhairle é seo a shocrú de bharr go bhfuil inmhíolú scaipthe chuig maoine eile, is é an tionónta atá freagrach as na costais).
- Seideanna (nuair a chuirtear ar fáil iad): seid breosla a chothabháil, doirse agus feistithe chomh maith.
- Aláraim Dheataigh / Brathadóirí Teasa: cuir cadhnraí nua in áit seanchinn agus seiceáil na haláraim go rialta chun a chinntiú go bhfuil siad ag obair.
- Tíliú: tíleanna balla, urláir agus teallaigh a dheisiú.
- Ballaí: déan scoilt ar bith plástair sna ballaí laistigh a dheisiú agus na ballaí laistigh agus na ballaí lasmuigh a phéinteáil / a mhaisiú.
- Ábhar dramhaíola: smionagar ón ngairdín, seanrothair / feithiclí eile a dhiúscairt i gceart (an tionónta atá freagrach as scipe bruscair a fháil agus as íoc as nuair is gá ceann a fháil chun aon bhruscar nó ábhar dramhaíola atá carntha a thabhairt chun bealaigh).
- Fuinneoga: cuir pánaí fuinneog, teanntáin / laistí / sriantáin fuinneog nua in áit seanchinn de réir mar is gá.

**PLUIMÉIREACHT / TEAS:**

- **Gaothairí Aeir:** tá siad riachtanach chun an teach a aeráil agus níor cheart iad a bhlocáil ná a chosc riamh mar go dtiocfaidh dath dubh ar na ballaí & agus beidh an teach tais dá bharr (sa chás go bhfeictear gurb é seo is cúis leis an taise, beidh an tionónta freagrach as an obair dheisiúcháin.
- **Coire:** ní mór conraitheoir cáilithe a fháil chun seirbhís a dhéanamh ar choire teasa lárnaigh ola nó gásadhainte uair amháin in aghaidh na bliana agus ní mór sin a chothabháil de réir threoir an déantóra agus tuairisc seirbhíse a choinneáil. D'fhéadfadh Comhairle Chontae na Gaillimhe an tuairisc sin a iarraidh ort tráth níos déanaí.
- **Draenáil:** glan amach aon draein tí atá blocáilte.
- **Gáitéir:** Glan amach na gáitéir, na clasáin agus na caidhséir sceimhle ar a laghad uair amháin in aghaidh na bliana agus coinnigh admhálacha ina leith.
- **Píopaí Pléasctha:** Deisigh aon phíopa pléasctha nó aon sceitheadh mar gheall ar chaitheamh agus cuimilt.
- **Teallach:** tíleanna teallaigh nó na tíleanna ina thimpeall a chur in ionad seanchinn.
- **Sorn / Cócaireán Bhreosla Sholadaigh:** déan an sorn / cócaireán a chothabháil de réir threoir an déantóra agus cuir páirteanna nua in ionad seanchinn más gá, i.e. brící tine, grátaí, bosca tine, doirse, lámha na ndoirse.
- **Earraí Sláintíochta:** déan babhlaí leithris, folcadáin, doirtil, báisíní chun lámha a ní, sistéal leithris, suíocháin leithris, slabhraí agus lámha a chothabháil nó cuir cinn nua in ionad seanchinn.

- **Dabhach Séarachais:** is é tionónta amháin atá freagrach as an dabhach séarachais a fholmhú. Sa chás go bhfuil teach ceangailte do Chóras Puraflo, is é an tionónta atá freagrach as an gcóras sin a chothabháil agus ní mór sin a dhéanamh de réir threoir an déantóra.
- **Córais Chóireála Fuíolluisce:** Tá an tionónta freagrach as salann a chur ar fáil agus as lampaí UVA nua a shuiteáil.
- **Séaraigh:** déan cinnte go bhfuil an nasc idir do theach & an phríomhlíne séaraigh coinnithe glan.
- **Sconnaí:** deisigh aon sconnaí atá ag sileadh nó sconnaí atá ag ligean uisce le sruth agus / nó cuir cinn nua in ionad na seanchinn.

**LEICTREACHAS:**

- **Fearais leictreachais:** deisigh fearais leictreachais, lasca, plocóidí, soicéid, fiúsanna (seachas an príomhfhiús), nó cuir cinn nua in ionad na seanchinn, de réir mar is gá. Freagracht i ndáil le fearais ar fad a dheisiú a shuiteálann an tionónta.
- **Cithfholcadáin Leictreacha:** cithfholcadáin leictreacha a dheisiú nó cinn nua a chur in ionad na seanchinn, más gá.
- **Tumthéitheoir:** déan an tumthéitheoir a dheisiú nó ceann nua a chur in ionad an seancheann, más gá.
- **Bolgáin Solais:** bolgáin solais nua, laistigh agus lasmuigh araon a chuir in ionad cinn nach bhfuil ag obair.

**CÚINSÍ EISCEACHTÚLA:**

Déanfaidh an Chomhairle aon iarrataí ag iarraidh go dtabharfadh an Chomhairle faoi chuid "den obair dheisiúcháin a bhfuil freagracht ar an tionónta ina leith" sa chás go bhfuil cúinsí eisceachtúla mar seanaois, éiglíocht nó míchumas i gceist a chiallaíonn nach bhféadfaidh an tionónta iad a dhéanamh é féin.

**FREAGRACHTAÍ NA COMHAIRLE**

Tabharfaidh an Chomhairle faoin obair a leanas faoi réir maoiniú a bheith ar fáil:

- **Simléir:** obair dheisiúcháin den taobh amuigh de shimléir agus barrchaidhpeanna agus cinn nua a chur in ionad na gceann atá ann.
- **Doirse:** doirse / frámaí nua a chur in ionad na gceann atá ann nuair is gá.
- **Radaitheoirí agus Coirí Teasa Lárnach:** radaitheoirí nó coirí nua a chur in ionad na gceann atá ann.
- **Díonta:** an díon a dheisiú nó díon nua a chur in ionad an seandín, áirítear ar na nithe a dheiseofar agus a chuirfear cinn nua ina n-áit; tíleanna/sclátaí, barrchaidhp mhullaigh, beanna agus éadanchlár & tairr.
- **Séaraigh:** an phríomhlíne séaraigh a chothabháil.
- **Soirn Bhreosla Soladach nó Ola:** Déanfaidh an Chomhairle soláthar teasa lárnaigh eile a mheas seachas sorn nua a chur in ionad an tseansoirn má mheastar sin a bheith níos oiriúnaí.

- **Ballaí:** na ballaí taobh amuigh a phlástráil, chomh maith le hobair bhrící / blocobair.
- **Tancanna Uisce:** tancanna taobh istigh nó taobh amuigh a dheisiú nó cinn nua a chur in ionad na gceann atá ann.
- **Fuinneoga:** fuinneoga agus na saiseanna a dheisiú nó cinn nua a chur in ionad na gceann atá ann.

Tabhair ar aird le do thoil nach mbeidh freagracht ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe dul i mbun na bhfreagrachtaí thuas má mheasaimid gur d'aon turas nó d'easpa cúraim an tionónta a tharla an damáiste.  Má dhéanann an Chomhairle obair dheisiúcháin ar damáiste a rinne an tionónta nó a tharla de bharr fhaillí an tionónta, gheobhaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe costas na ndeisiúchán sin ar ais ón tionónta.

## Mar is féidir Iarratas ar Dheisiúchán a logáil ?

Más é an tAonad Cothabhála atá freagrach as d'iarratas ar dheisiúchán, is féidir leat sin a thuairisciú chuig an Rannóg Cothabhála tríd an iarratas ar dheisiúchán a logáil ag https://www.galway.ie/RepairRequest .

Mar mhalairt air sin, is féidir iarratas ar chothabháil tithíochta a logáil trí ghlaoch ar an uimhir 091 509306.
Mura bhfaightear aon fhreagra ón uimhir ghutháin thuas fág teachtaireacht le do thoil agus bíodh d'ainm, do sheoladh, d'uimhir ghutháin sa teachtaireacht sin mar aon le cur síos gearr ar an ábhar ar mhaith leat a thuairisciú.

Níor chóir ríomhphoist a sheoladh go díreach chuig cuntais ríomhphoist foirne ar leith.